



**QQI**

Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# Cosaint d'Fhoghlaimoirí Cláraithe: Prótacail chun cuid 6 d'Acht 2012 a chur chun feidhme

QQI, an integrated agency for quality and qualifications in Ireland



# Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe: Prótacail chun cuid 6 d'acht 2012 a chur chun Feidhme

| Roinn    | Teideal   | Lch      |
|----------|---|----------|
| <b>1</b> | <b>Achoimre</b>   | <b>1</b> |
| <b>2</b> | <b>Réamhrá</b>  | <b>1</b> |
| 2.1      | Léirmhíniú Dlíthiúil  | 3        |
| <b>3</b> | <b>Prótacail</b>  | <b>4</b> |
| 3.1      | Prótacail Ghinearálta   | 4        |
| 3.2      | Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí   | 5        |
| 3.3      | Socruithe maidir le PEL   | 6        |
| 3.4      | An Próiseas chun Géilliúlacht do Phrótacail PEL a Léiriú                  | 7        |
| 3.5      | An Nós Imeachta chun Socruithe PEL a Ghníomhachtú                         | 8        |
| 3.6      | An Dualgas Cuidiú leis an Údarás Freastal d'Fhoghlaimeoirí lena mBaineann | 8        |
| <b>4</b> | <b>Athbhreithniú ar an mBeartas Seo</b>                                   | <b>9</b> |
| <b>5</b> | <b>Prótacail PEL: Gluais Téarmaí</b>                                      | <b>9</b> |



## 1 ACHOIMRE

Bunaíodh Údarás Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an tÚdarás) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint) 2012 (Acht 2012).

Leagtar amach in Acht 2012 (i gCuid 6) ceanglais dhlíthiúla ar an Údarás agus ar sholáthraithe oideachais agus oiliúna (soláthraithe) maidir le Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe (PEL).

Leagtar amach sa doiciméad na prótacail a chumasóidh don Údarás a fheidhmeanna a chur chun feidhme agus a éascóidh géilliúlacht na soláthraithe dá n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le PEL.

Déantar beartas an Údaráis a cheapadh i gcomhairle le geallsealbhóirí. Glacann an Bord beartas an Údaráis agus cuireann an fheidhmeannacht chun feidhme é dá réir.

## 2 RÉAMHRÁ

Ceapadh na prótacail atá leagtha amach sa doiciméad seo chun soláthraithe a éascú i dtaca le comhlíonadh a n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le PEL. Leagtar amach in Acht 2012 na hoibleagáidí seo agus bunaítear ann gurb é freagracht na soláthraithe a chinntiú go bhfuil socruithe dóthanacha i bhfeidhm maidir le PEL ar chláir shonraithe; mar sin is critéar é i gcomhtheács an bheartais um bailíochtú cláir. I ngach cás mar sin, is é an pointe tagartha na riachtanais bailíochtaithe bunaidh.

Beag beann ar an bhfreagracht ar sholáthraithe socruithe maidir le PEL a bheith i bhfeidhm, féadfaidh QQI a iarraidh go gcuirfeadh soláthraí ábhartha cúnaimh ar fáil chun freastal d'fhoghlaimeoirí a ndéanann scor cláir difear dóibh.

Ní bheidh an fheidhm chéanna ag na prótacail sin maidir le gach catagóir soláthraithe:

- a. Ní mór do **gach soláthraí**, beag beann ar a ngaolmhaireacht leis an Údarás, catagóirí áirithe faisnéise a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí (Tá feidhm ag Prótacail 3.2 maidir leis seo).
- b. Ach amháin má dhíolmhaítear iad go sonrath (féach an liosta thíos) ní mór do gach soláthraí príobháideach, deonach agus poiblí a chuireann cláir atá bailíochtaithe ag an Údarás ar fáil (nó a bhfuil údarás tarmlichte acu chun dámhachtainí a dhéanamh), a ghearrann táillí agus a thairgeann cláir trí mhí nó níos faide, géilliúlacht do na riachtanais dhlíthiúla i gcás PEL a léiriú (Tá feidhm ag prótacail 3.2, 3.3, 3.4, 3.5 agus 3.6 maidir leis seo). Tá feidhm ag na prótacail sin maidir leis na soláthraithe seo sna cásanna seo a leanas:
  - i. Nuair a bhíonn cláir á gcur ar aghaidh lena mbailíochtú
  - ii. Nuair a thagann clár bailíochtaithe chun bheith faoi réir athbhreithniú an Údaráis maidir le bailíochtú



- iii. Nuair a fhéachtar le húdarás tarmligthe<sup>1</sup> a fháil chun dámhachtain a dhéanamh i dtaca le clár bailíochtaithe
- iv. Nuair a chuirtear togra ar aghaidh maidir le dámhachtain(i) breise a bheith cuimsithe faoi údarás tarmligthe

**c. Cuirfidh gach soláthraí ábhartha (lena n-áirítear soláthraithe poiblí)** cúnaimh ar fáil, má iarrtar é, don Údarás i dtaca le freastal d'fhoghlaimoirí a ndéanann scor cláir difear dóibh (Tá feidhm ag prótacail 3.6 maidir leis seo).

Díolmhaítear na soláthraithe seo a leanas faoin reachtaíocht ón riachtanas sonrach chun socruithe a chur i bhfeidhm maidir le PEL (Prótacail 3.3, 3.4 agus 3.5) maidir le cláir thairgthe:

- a. Ollscoil a bunaíodh roimhe seo.
- b. Institiúid oideachais a bunaíodh mar ollscoil faoi Alt 9 d'Acht na bliana 1997.
- c. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.
- d. Institiúid Teicneolaíochta.
- e. FÁS (SOLAS, nuair a bhunófar é).
- f. An tÚdarás Náisiúnta um Fhorbairt na Turasóireachta (Fáilte Ireland).
- g. Teagasc.
- h. An Bord Iascaigh Mhara.
- i. Institiúid oideachais nó oiliúna arna bunú agus arna cothabháil ag an mBord Oideachais agus Oiliúna.
- j. Scoil aitheanta.

*1 Leathnaíonn Acht 2012 an ceart chun údarás tairmligthe a lorg chun dámhachtainí a dhéanamh chuig soláthraithe a chomhlíonann na rialacháin atá leagtha amach ag an Aire Oideachais agus Scileanna sa réimse seo. Níor bunaíodh na rialacháin sin go fóill.*



| Tábla 1: Achoimre ar oibleagáidí na gcatagóirí éagsúla soláthraithe   | Faisnéis d'fhoghlaimoírí | Cuir socruithe sonracha PEL i bhfeidhm le haghaidh clár ina n-éilítear socruithe PEL. | Cabhraigh chun freastal d'fhoghlaimoírí lena mbaineann |
|---|--------------------------|---|--|
| <b>Prótacail</b>  | <b>3.2</b>               | <b>3.3 - 3.5</b>  | <b>3.6</b>   |
| Gach soláthraí ábhartha, mar a shainítear in Acht 2012  | Tá                       | Níl   | Tá   |
| Soláthraithe ábhartha príobháideacha, deonacha agus poiblí a sholáthraíonn cláir atá bailíochaithe ag an Údarás nó soláthraithe a bhfuil údarás tarmlichte acu (mura bhfuil siad díolmhaithe), a ghearrann táillí agus a thairgeann cláir trí mhí nó níos faide | Tá                       | Tá  | Tá   |
| Soláthraithe neamhábhhartha, mar a shainítear faoi Acht 2012  | Tá                       | Níl   | Níl  |

## 2.1 Léirmhíniú dlíthiúil

Eilimint d'Acht 2012 is ea Cosaint d'Fhoghlaimoírí Cláraithe. Bhí foráil den chineál céanna leagtha amach san Acht Cáilíochtaí (Oideachas agus Oilíúint) 1999 (Acht 1999), ar cuireadh Acht 2012 ina ionad agus a aisghairmeadh le hAcht 2012.

Cinntíonn an ceanglas dlíthiúil nach mbíonn foghlaimoírí a bhí cláraithe ar chlár trí mhí nó níos faide agus ar íocadh táillí maidir leis, faoi mhíbhuntáiste i gcás go scoirtear den chlár sula mbíonn sé críochnaithe.

Féachann Acht 2012 leis na nithe seo a leanas a chinntiú:

- Go mbíonn deis ag foghlaimoírí clár as a leanann dámhachtain a thabhairt chun críche, nó
- Go n-aisíoctar le foghlaimoírí an t-airgead is déanaí a íocadh má scoirtear clár sula mbíonn sé críochnaithe, agus
- Go gcuirtear faisnéis leordhóthanach agus cruinn ar fáil d'fhoghlaimoírí mar gheall ar an gclár is mian leo a dhéanamh agus mar gheall ar an gcosaint a bheidh i bhfeidhm i gcás ina scoirtear den chlár sula mbíonn sé críochnaithe acu.

Chun é sin a dhaingniú, luaitear PEL go sonracha i gCodanna 5 agus 6 d'Acht 2012 agus tugtar cuntas ann ar na riachtanais a bhíonn le comhlíonadh ag soláthraithe. Laistigh d'Acht 2012, ní thagraíonn "Cosaint d'Fhoghlaimoírí Cláraithe" ach do chlár trí mhí nó



níos faide inar íoc an foghlaimeoir táillí nó inar íocadh táillí ar a shon.

Faoi Acht 2012 ciallaíonn “socrúithe leordhóthanacha PEL” socrúithe le dhá sholáthraí mhalartacha ar a laghad chun aistriú foghlaimeoirí chuig cláir chomhchosúla a éascú, nó, i gcás nach mbíonn sé sin indéanta, socrúithe chun an t-airgead is déanaí a íocadh a aisíoc.

Ar mhaithe leis na prótacail PEL sin, seo an léirmhíniú a bhain an tÚdarás (tar éis comhairle dhlíthiúil a fháil) as na téarmaí a úsáidtear in Acht 2012:

### Tréimhse trí mhí:

*Trí mhí fhéilire, beag beann ar mhód nó ar nádúr an tseachadta nó méid na foghlama. Tagraíonn sé sin don tréimhse ó thús an teagaisc go dtí pointe tar éis d’fhoghlaimeoirí a bheith measúnaithe ar mhaithe leis an gclár a chríochnú agus toradh an mheasúnaithe a bheith deimhnithe ag an soláthraí.<sup>2</sup>*

### Clár comhchosúil:

*Ceann as a leanann an cineál dámhachtana céanna<sup>3</sup> sa réimse céanna foghlama ar an leibhéal céanna den CNC, agus a bhfuil torthaí foghlama comhchosúla, a bheag nó a mhór, ag gabháil leis. D’fhéadfaí féachaint ar chlár a chomhlíonann na riachtanais sin mar chlár comhchosúil beag beann ar dhifríochtaí i mód, tréimhse agus áit seachadta. I ngach cás mar sin, is é an pointe tagartha na riachtanais bailíochtaithe bunaidh.*

### An t-airgead is déanaí a íocadh:

*Maidir le cláir bliana nó níos giorra, ní mór socrúithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm ag soláthraí chun éileamh ar aisíocaíocht i dtaca le tréimhse iomlán na gclár sin a íoc. Maidir le cláir ar faide ná bliain nó a coibhéis a dtréimhse, agus ina n-iarrtar táillí agus íocaíochtaí eile a bheith déanta ag an bhfoghlaimeoir i dtaca le gach bliain, ní mór socrúithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm i gcónaí ag soláthraí chun éileamh ar aisíocaíocht i dtaca le soláthar bliana, ar a laghad, a íoc. Go hachomair, bíonn foghlaimeoirí i dteideal aisíocaíocht de suas le bliain amháin d’airgead íoctha.*

Gheofar gluais téarmaí ag deireadh an doiciméid seo.

<sup>2</sup> An pointe ag a scoireann an foghlaimeoir de bheith leochaileach i gcás go scoirtear den chlár.

<sup>3</sup> Aicme dámhachtainí a bhfuil gnéithe acu i bpáirt agus atá ar na leibhéil chéanna den CNC. Tá cineál dámhachtana amháin ar a laghad ar gach leibhéal den Chreat. Tá a thuarisceoir cineál dámhachtana féin ag gach cineál dámhachtana. Eolas breise le fáil ó: [Cinntí maidir leis an gCreat Náisiúnta Cailíochtaí Imlíne](#)



## 3 PRÓTACAIL

### 3.1 Prótacail Ghinearálta

- 3.1.1** Ní mór do gach soláthraí faisnéis áirithe a bhaineann le cláir agus le dámhachtainí a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí sula gcláraíonn siad nó sula nglactar le híocaíocht uathu ar son clár oideachais agus oiliúna.
- 3.1.2** Ní mór do sholáthraithe ábhartha, seachas iad siúd atá díolmhaithe faoi Acht 2012 (díolúintí atá liostaithe sa Réamhrá), a mbeartas agus a nósanna imeachta foriomlána maidir le Costaint d'Fhoghlaimoirí Cláraithe (PEL) a aontú leis an Údarás mar chuid dá gcomhaontú um dhearbú cáilíochta leis an Údarás. Ní mór socruithe sainiúla PEL a bheith i bhfeidhm ag na soláthraithe sin i gcás gach cláir trí mhí nó níos faide ina n-íocann an foghlaimoir táillí nó ina n-íoctar táillí ar a shon, agus ina lorgaítear bailíochtú nó tarmligean údaráis ón Údarás chun dámhachtain a dhéanamh.
- 3.1.3** Tá dualgas ar gach soláthraí ábhartha, lena n-áirítear soláthraithe poiblí, cuidiú leis an Údarás (a mhéad is indéanta), chun freastal d'fhoghlaimoirí a ndéanann scor cláir difear dóibh, má iarrtar sin, agus léireofar é sin ina nósanna imeachta um dhearbú cáilíochta arna mbunú faoi Acht 2012.
- 3.1.4** Ní mór do sholáthraithe díolmhaithe impleachtaí PEL a mheá agus iad ag dul isteach i socruithe comhoibritheacha agus comhdámhachtana le soláthraithe atá faoi cheangal maidir le PEL. Ní mór cúram a dhéanamh do PEL sna socruithe conarthacha a bhuntacaíonn le comhoibriú.
- 3.1.5** Beidh foghlaimoirí faoi chosaint ag socruithe PEL ón uair a íoctar táillí, go páirteach nó go hiomlán, chun clárú ar chlár oideachais agus oiliúna trí mhí nó níos faide nó go bhfaigheann siad an teastasú maidir leis an bhfoghlaim atá déanta acu nó go mbíonn siad eisiata go dleathach ón gclár.

### 3.2 Faisnéis d'Fhoghlaimoirí

- 3.2.1** Ní mór do gach soláthraí an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil don phobal agus í a bheith inrochtana ar a shuíomh Gréasáin agus in ábhar foilsithe eile sula gcláraítear foghlaimoirí nó sula nglactar le híocaíocht ar bith ó fhoghlaimoir cláraithe, nó ar son foghlaimoir cláraithe, maidir le clár oideachais agus oiliúna:
- Ainm an chomhlachta (nó na gcomhlachtaí) dámhachtana a dhéanann an dámhachtain
  - Teideal an chláir agus na dámhachtana a leanann as
  - Cibé an aithnítear an dámhachtain ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), agus más amhlaidh:
    - Leibhéal an aitheantais sin ar an CNC



- ii. Cibé an mórdámhachtain, miondámhachtain, dámhachtain sainchuspóra nó dámhachtain fhorlíontach í an dámhachtain, faoi mar a aithnítear iad ar an CNC.
- d. Nach mbronntar dámhachtain ar chlár a bheith críochnaithe go rathúil ag foghlaimeoir, ach deimhniú um chríochnú nó a mhacasamhail, i gcás inarb amhlaidh
- e. I gcás ina gceanglaítear ar sholáthraí nósanna imeachta um rochtain, aistriú agus forchéimniú faoi Alt 56 d'Acht 2012 a bheith i bhfeidhm, ráiteas ar an tslí ina mbaineann na nósanna imeachta sin leis an gclár sin
- f. Sonraí na gcomhaontuithe maidir le PEL atá i bhfeidhm ag an soláthraí, de réir Alt 65(4) d'Acht 2012, nó i gcás nach bhfuil aon socrú maidir le PEL i bhfeidhm, ba cheart é sin a bheith soiléir

Ba cheart cloí leis na prótacail ábhartha.<sup>4</sup>

**3.2.2** Ní mór do sholáthraithe fógra i scríbhinn a chur chuig foghlaimeoirí cláraithe maidir le haon athrú ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil d'fhoghlaimeoirí laistigh de 14 lá d'eolas a fháil ar an athrú sin.

**3.2.3** Faoi Alt 67 (3) d'Acht 2012, cion is ea é do sholáthraí loiceadh an fhaisnéis atá leagtha amach faoi ailt 3.2.1 agus 3.2.2 de na prótacail sin a chur in iúl d'fhoghlaimeoirí, nó faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar a chuirfeadh i bhfios gur comhlíonadh na ranna sin.

**3.2.4** Ní mór do sholáthraithe ábhartha a socruithe PEL a fhoilsiú agus ní mór socruithe PEL a chur in iúl d'fhoghlaimeoirí sula gcuireann siad tús le clár. Ba cheart ceann amháin díobh seo a leanas a bheith ar áireamh ann:

- a. Ainmneacha agus sonraí teagmhála soláthraithe malartacha agus ainmneacha na gclár malartach

nó

- b. Achoimre ar na socruithe aisíocaíochta atá i bhfeidhm

### **Agus**

- c. Ráiteas gur féidir sonraí foghlaimeora a roinnt le soláthraithe malartacha agus leis an Údarás i gcás ina gcuirtear socruithe PEL chun feidhme

## **3.3 Socruithe maidir le PEL**

**3.3.1** Ní mór don soláthraí sonraí i scríbhinn a chur ar fáil don Údarás maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm maidir le PEL ag na hamanna seo a leanas:

- a. Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh chuig an Údarás ar bhailíochtú cláir
- b. Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh chuig an Údarás ar údarás tarmiligthe

<sup>4</sup> Cuirfear treoir maidir le soláthar faisnéise d'fhoghlaimeoirí ar fáil tar éis comhairliúchán poiblí ar an bPáipéar Glas ar Sholáthar Faisnéise d'Fhoghlaimeoirí.





chun dámhachtain a dhéanamh

- c. Nuair a bhíonn an tÚdarás á chur ar an eolas go bhfuil iarratas á dhéanamh ar dhámhachtain(i) bhreise a dhéanamh i gcás aicme cláir dár deonaíodh údarás tarmlichte, ach nár sonraíodh san iarratas bunaidh ar údarás tarmlichte

### **3.3.2** Bíonn na “socruithe i bhfeidhm” comhdhéanta de:

- a. Comhaontú idir soláthraí an chláir agus dhá sholáthraí mhalartacha ar a laghad<sup>5</sup> gur ceadmhach d’fhoghlaimoir cláraithe aistriú chuig clár comhchosúil de chuid na soláthraithe malartacha sin; nó
- b. I gcás ina measann soláthraí (le comhaontú an Údaráis) nach bhfuil sé indéanta rialachán 3.3.2.a a chomhlíonadh), go bhfuil socruithe i bhfeidhm a chumasódh do sholáthraí aisíocaíocht a dhéanamh le foghlaimoir cláraithe (nó don té a d’íoc an t-airgead thar ceann an fhoghlaimora cláraithe) den airgead is déanaí a íocadh don chlár i dtaca le:
  - i. Táillí teagaisc
  - ii. Táillí clárúcháin
  - iii. Táillí scrúdaithe
  - iv. Táillí leabharlainne
  - v. Táillí do sheirbhísí mac léinn
  - vi. Aon táille eile a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar

Is fearr, más féidir, socruithe a éascaíonn foghlaimoirí chun a gcúrsa staidéir a chríochnú.

### **3.3.3** Déanfar socruithe PEL a ghníomhachtú i gcás:

- a. Go loiceann ar sholáthraí clár oideachais agus oiliúna trí mhí nó níos faide a sholáthar ar chúis ar bith (lena n-áirítear dócmhainneacht nó foirceannadh an tsoláthraí sin) i gcás inar íocadh airgead nó i gcás inar aistarraing an tÚdarás bailíochtú cláir
- b. Clár oideachais agus oiliúna trí mhí nó níos faide a bheith tosaithe, ach gan a bheith críochnaithe, ag foghlaimoirí cláraithe i gcás inar íocadh airgead agus go scoireann an soláthraí den chlár a sholáthar sula gcríochnaítear an clár sin ar chúis ar bith (lena n-áirítear dócmhainneacht nó foirceannadh an tsoláthraí sin), nó de bhrí gur aistarraing an tÚdarás bailíochtú cláir

## **3.4 An Próiseas chun Géilliúlacht do Phrótacail PEL a Léiriú**

### **3.4.1** Ní mór do sholáthraithe géilliúlacht do Chuid 6 d’Acht 2012 a léiriú trí na socruithe atá i bhfeidhm maidir le PEL a chur in iúl don Údarás i scríbhinn mar

<sup>5</sup> Cé nár mhór socruithe a bheith i bhfeidhm le dhá sholáthraí mhalartacha ar a laghad, ní gá an socrú a theorannú do dhá sholáthraí, acu féadfar é a dhéanamh leis an oiread soláthraithe is gá chun freastal d’fhoghlaimoirí.



aon le faisnéis ar an tslí inar shásaigh an soláthraí é féin gur leor na socrúithe agus go gcomhlíonann siad na ceanglais dhlíthiúla atá leagtha amach sna prótacail seo. Go sonrath, ba cheart an fhaisnéis agus an doiciméadú seo a leanas a sholáthar maidir le gach clár ábhartha oideachais agus oiliúna a mbaineann PEL leis:

- a. Sonraí na socrúithe chun foghlaimoírí a aistriú go cláir chomhchosúla atá á dtairiscint ag dhá sholáthraí mhalartacha, ar a laghad
- b. Deimhniú gur aonáin dhlíthiúla ar leith iad na soláthraithe malartacha agus go bhfuil siad neamhspleách ó thaobh airgeadais ar an soláthraí iarrthóra
- c. Deimhniú go bhfuil d'acmhainn ag na soláthraithe ainmnithe malartacha a n-oibleagáidí faoin socrú PEL a chomhlíonadh, lena n-áirítear líon cruinn na bhfoghlaimoírí a mbeadh slí dóibh ar chlár de réir shocrú PEL a shonrú; **nó**
- d. I gcás nach bhfuil sé indéanta foghlaimoírí a aistriú chuig cláir mhalartacha, an chúis gurb amhlaidh agus sonraí na socrúithe airgid atá i bhfeidhm chun airgead a aisíoc le foghlaimoírí, nó leo siúd a d'íoc airgead ar a son. Ní mór a áireamh ar shocrúithe airgeadais soláthar chun cistí a scaipeadh ar fhoghlaimoírí agus ní mór costas an tsoláthair sin a bheith ar áireamh sa chiste
- e. An tslí inar shásaigh an soláthraí é féin gur leor na socrúithe PEL agus go gcomhlíonann siad na ceanglais dhlíthiúla atá leagtha amach sna prótacail seo
- f. Níos imeachta ráite a thugann rochtain do sholáthraithe malartacha agus don Údarás ar thaifid foghlaimoírí lena n-áirítear taifid íocaíochtaí táillí agus ábhar measúnachta (lena n-áirítear coimrí taisc agus critéir mharcála etc.) i gcás ina scoireann an soláthraí de chlár a sholáthar nó ina scoireann sé go hiomlán de bheith i mbun trádála

**3.4.2** Ní mór socrúithe PEL a bheith údaráithe go cuí ag ionadaithe ceaptha na soláthraithe i dtrácht.

**3.4.3** Ní mór do sholáthraithe a chinntiú:

- a. Níor cheart do líon na bhfoghlaimoírí cláraithe ar chlár an líon uasta ráite sa socrú PEL a aontaíodh don chlár sin a shárú uair ar bith.
- b. I gcás gach cláir a thosaítear, ní mór don soláthraí dul i dteagmháil leis na soláthraithe malartacha le cinntiú go bhfuil na socrúithe le haghaidh cosaint leordhóthanach agus cothrom le dáta.

**3.4.4** Ní mór do sholáthraithe fógra i scríbhinn a chur chuig foghlaimoírí cláraithe maidir le haon athrú sna socrúithe a aontaíodh maidir le PEL a chur ar fáil d'fhoghlaimoírí laistigh de 14 lá d'eolas a fháil ar an athrú sin.

**3.4.5** Ní mór do sholáthraithe fógra a thabhairt do sholáthraithe malartacha, d'fhoghlaimoírí agus don Údarás a luaithe is indéanta nuair is gá socrú PEL a chur chun feidhme. I gcás mar sin, ní mór do sholáthraithe ainmnithe



malartacha a socruithe chun freastal d'fhoghlaimoirí a ghníomhachtú.

#### **3.4.6** Más amhlaidh:

- Go scoireann soláthraí malartach den chlár malartach a thairiscint nó
- Go n-athraíonn an clár malartach go hábhartha ionas nach féidir a mhaíomh a thuilleadh gur clár comhchosúil é nó
- Na socruithe a cuireadh in iúl d'fhoghlaimoirí agus don Údarás, ní léiríonn an clár malartach iad níos mó

Ní mór don soláthraí malartach é a chur in iúl don soláthraí nach bhfuil a shocruithe PEL bailí níos mó. Ní mór socrú nua a ghéilleann do na prótacail sin a chur i bhfeidhm, agus ní mór foghlaimoirí agus an tÚdarás a chur ar an eolas faoi laistigh de mhí féilire amháin. Murar féidir socrú nua PEL a dhéanamh ní mór don soláthraí scor láithreach d'fhoghlaimoirí nua a chlárú ar an gclár.

#### **3.4.7** Coimeádfaidh an tÚdarás taifead poiblí de shocruithe PEL a cuireadh in iúl dó ar a bhunachar sonraí náisiúnta clár agus dámhachtainí.

### **3.5 An Nós Imeachta chun Socruithe PEL a Ghníomhachtú**

#### **3.5.1** Gníomhachtaítear socruithe PEL sna cásanna seo a leanas:

- a. Scoireann soláthraí de bheith ag trádáil fad a bhíonn foghlaimoirí cláraithe ar chlár
- b. Scoireann soláthraí de chlár ar leith a thairiscint fad a bhíonn foghlaimoirí cláraithe ar an gclár
- c. Aistarraingíonn an tÚdarás bailíochtú i gcás cláir ar a bhfuil foghlaimoirí cláraithe i gcónaí

#### **3.5.2** Más gá socruithe PEL a ghníomhachtú (le soláthraithe malartacha nó i bhfoirm socrú airgeadais), ní mór don soláthraí é sin a chur in iúl láithreach don Údarás agus do na soláthraithe malartacha. Ní mór don soláthraí fógra foirmiúil i scríbhinn a thabhairt don Údarás ansin agus do na soláthraithe malartacha ainmnithe nó don institiúid airgeadais i dtrácht. Ní mór socruithe do tharraingt anuas cistí a chur in iúl d'fhoghlaimoirí agus don Údarás.

#### **3.5.3** Ní mór don soláthraí, nó dá ionadaí cuícheaptha, 'plean gníomhaíochta d'fhoghlaimoirí cláraithe' a cheapadh le cur in iúl d'fhoghlaimoirí. Ní mór deimhniú go ndearnadh é sin a thabhairt i scríbhinn don Údarás. Ní mór don soláthraí dul i dteagmháil le gach foghlaimoir cláraithe láithreach, á cur nó á chur ar an eolas mar gheall ar a bhfuil ag tarlú, agus ní mór plean gníomhaíochta a sholáthar do gach foghlaimoir maidir le críochnú an chlár agus/nó socruithe maidir le soláthraithe malartacha nó aisíocaíochtaí.



### 3.6 An Dualgas Cuidiú leis an Údarás Freastal d'Fhoghlaimoirí lena mBaineann

**3.6.1** Is iad soláthraithe atá freagrach as Cosaint d'Fhoghlaimoirí Cláraithe. I gcás nach leor na socrúithe atá déanta ag soláthraí, féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar aon soláthraí ábhartha cabhrú chun freastal do na foghlaimoirí sin a mhéad is indéanta. Ní dhéanfaidh an tÚdarás iarratas mar sin ach amháin mura bhfuil an dara rogha ann.

## 4 ATHBHREITHNIÚ AR AN mBEARTAS SEO

Athbhreithneofar na prótacail maidir le cur chun feidhme Cuid 6 d'Acht 2012 dhá bhliain tar éis a gcur chun feidhme nó níos túisce más gá.

## 5 PRÓTACAIL PEL: GLUAIS TÉARMAÍ

### Clár comhchosúil:

Ceann as a leanann an cineál dámhachtana céanna sa réimse céanna foghlama ar an leibhéal céanna den CNC, agus a bhfuil torthaí foghlama comhchosúla, a bheag nó a mhór, ag gabháil leis. D'fhéadfaí féachaint ar chlár a chomhlíonann na riachtanais sin mar chlár comhchosúil beag beann ar dhifríochtaí i mód, tréimhse agus áit seachadta. I ngach cás mar sin, is é an pointe tagartha na riachtanais bailíochtaíthe bhunaidh.

### Cineál Dámhachtana:

Aicme dámhachtainí ainmnithe a bhfuil gnéithe acu i bpáirt agus atá ar an leibhéal céanna den CNC. Tá cineál dámhachtana amháin ar a laghad ar gach leibhéal den Chreat. Tá a thuairisceoir cineál dámhachtana féin ag gach cineál dámhachtana.

### Foghlaimoir cláraithe:

Foghlaimoir atá cláraithe i gclár oideachais agus oiliúna.

### An t-airgead is déanaí a íocadh:

Maidir le cláir bliana nó níos giorra, ní mór socrúithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm ag soláthraí chun éileamh ar aisíocaíocht i dtaca le tréimhse iomlán na gclár sin a íoc. Maidir le cláir ar faide ná bliain nó a coibhéis a dtréimhse, agus ina n-iarrtar táillí agus íocaíochtaí eile a bheith déanta ag an bhfoghlaimoir i dtaca le gach bliain, ní mór socrúithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm i gcónaí ag soláthraí chun éileamh ar aisíocaíocht i dtaca le soláthar bliana, ar a laghad, a íoc. Go hachomair, bíonn foghlaimoirí i dteideal aisíocaíocht de suas le bliain amháin d'airgead íochta.



### Clár oideachais agus oiliúna

Próiseas ina sealbhaíonn foghlaimeoir eolas, scil nó inniúlacht agus a n-áirítear air cúrsaí staidéir, cúrsaí teagaisc agus printíseachtaí.

### Soláthraí:

Duine a sholáthraíonn nó a eagraíonn clár oideachais agus oiliúna.

### Scoil aitheanta:

Scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais agus Scileanna faoi alt 10 den Acht Oideachais 1998.

### Clár ábhartha:

Clár a bhfuil feidhm ag beartas PEL eatramhach an Údaráis agus ag nósanna imeachta gaolmhara maidir leis, i.e. clár trí mhí nó níos faide inar íoc an foghlaimeoir airgead nó inar íocadh airgead ar a shon.

### Soláthraí ábhartha:

Ciallaíonn sé ceann amháin díobh seo a leanas:

- a. Ollscoil a bunaíodh roimhe seo.
- b. institiúid oideachais a bunaíodh mar ollscoil faoi Alt 9 d'Acht na bliana 1997.
- c. Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn
- d. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.
- e. Soláthraíonn a ndéantar a chlár oideachais agus oiliúna a bhailíochtú faoi Alt 45 d'Acht 2012.
- f. Soláthraí a bhfuil comhaontú déanta aige le comhlacht dámhachtana faoi Alt 48 d'Acht 2012.
- g. Soláthraí ar tarmligeadh údarás chun dámhachtain a dhéanamh dó faoi Alt 53 den Acht.
- h. Soláthraí atá údaraithe chun úsáid a bhaint as an marc idirnáisiúnta oideachais faoi Alt 61 den Acht seachas soláthraí atá údaraithe chun é sin a dhéanamh i gcás ina bhfuil an tsoláthraí sin:
  - i. Soláthraí dá dtagraítear in ailt (a) go (g), nó
  - ii. Soláthraí nasctha

Soláthraí neamhábhhartha is ea soláthraí nach mbaineann le haon cheann de na grúpaí sin.



### Tréimhse trí mhí:

Trí mhí fhéilire, beag beann ar mhód nó ar nádúr an tseachadta nó méid na foghlama. Tagraíonn sé sin don tréimhse ó thús an teagaisc go dtí pointe tar éis d'fhoghlaimoirí a bheith measúnaithe ar mhaithe leis an gclár a chríochnú agus toradh an mheasúnaithe a bheith deimhnithe ag an soláthraí.





[www.QQI.ie](http://www.QQI.ie)

26/27 Denzille Lane,  
Dublin 2,  
Ireland.  
t +353 (0) 1 905 8100